



2015-1-BG01-KA202-014337

Oiliúint i bhFiontraíocht Shóisialta le cuidiú teicneolaíochta bunaithe ar Fhoghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga



Co-funded by the
Erasmus+ Programme
of the European Union

Centrul de Limbi Moderne

Professional
Language Centre

An Tionscadal

Is Comhpháirtíocht Straitéiseach faoin **gClár Erasmus+** i réimse an oideachais agus na hoiliúna gairmiúla é an tionscadal **SET2CLIL** nó **oiliúint san fhiontraíocht shóisialta le cuidiú teicneolaíochta bunaithe ar foghlaim chomhtháite ábhair agus teanga**.

Ullmhúcháin d'Aschur Intleachtúil 1: CURACLAM

TUARASCÁIL AR FHIONTRAITHE SÓISIALTA/EAGRAÍOCHTAÍ NEAMHRIALTASACHA, CINNTEOIRÍ AGUS OIBRITHE DEONACHA SAN EARNÁIL SHÓISIALTA

Cuireadh tús leis an taighde seo i ndiaidh an chéad chruinniú i mí na Nollag 2015 agus ba mhór an saothar a bhí ann do na comhpháirtithe uile. Fágann an taighde príomhúil agus tánaisteach a rinneadh go bhfuiltear tagtha ar staid reatha náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta agus deiseanna gaolmhara chun go mbeadh foghlaimoírí/oiliúnóirí ag gabháil le gníomhaíochtaí agus tionscadail dhírithe.

Déanann sé comparáid idir na freagraí a tugadh ar cheistneoir amháin a thug gach comhpháirtí d'Oibrithe Deonacha agus Foghlaimoírí Gairmoideachais agus Gairmoiliúint agus ceistneoir eile a tugadh d'Fhiontraithe Sóisialta. Thug na ceistneoirí aghaidh ar na cineálacha fiontraíochtaí sóisialta a raibh baint ag na freagróirí leo; na haschuir, tairbhí agus tionchair bhraite, chomh maith leis na dúshláin a bhaineann le fiontraíochtaí sóisialta; na tairbhí braite a bhaineann le fiontraíocht shóisialta, CLIL agus oideachas TFC a thabhairt le chéile; na hábhair tacaíochta agus acmhainní a bhraitear is úsáidí d'fhiontraíocht shóisialta; na tréithe atá de dhíth ó dhaoine óga chun a bheith rathúil san earnáil fiontraíochta sóisialta agus na spriocghrúpaí a bhfuil baint ag na freagróirí leo.

Tháinig 92 ceistneoir ar ais ó na cúig chomhpháirtí. Taispeántar na freagraí a tugadh ar gach ceist i dtáblaí a ligeann dúinn aird a thabhairt ar na difríochtaí agus na héagsúlachtaí atá ann de réir tíre.



- An Mhodheolaíocht CLIL (Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga)
- An Teoiric Iléirime
- Uirlisí atá feabhsaithe ag TF

1. Céard is CLIL ann?

Bíonn an mac léinn ag foghlaim ábhair nua agus teanga nua ag an am céanna le CLIL, agus ní mór don mhúinteoir a bheith in ann dul chun cinn sa dá réimse a mheas. Is féidir le múinteoirí CLIL úsáid a bhaint as measúnú agus aiseolas chun foghlaimeoirí a spreagadh a dtuiscint ar an ábhar a fhorbairt, agus chun iad a dhíriú ar úsáid teanga atá cuí agus cruinn.

2. Céard é Teoiric na hlléirime?

- Cuirtear feabhas ar fhoghlaim nuair a thugtar níos mó ná bealach amháin do dhaltaí rochtain a fháil ar ábhar (Hattie, 2011).
- Méadaítear rannpháirtíocht agus foghlaim nuair a thugtar níos mó ná bealach amháin do dhaltaí eolas agus scileanna a léiriú, agus tugann sé tuiscint níos cruinne do mhúinteoirí maidir le heolas agus scileanna mac léinn (Darling-Hammond, 2010).
- Ba cheart go mbeadh an teagasc faoi réir a mhéid agus is féidir ag mionneolas maidir le láidreachtaí agus riachtanais shainiúla na mac léinn, mar aon leis na réimsí ina bhféadfaidís fás (Tomlinson, 2014)

An Cruinniú le Mic Léinn na Romáine



Ceisteanna do Mhic Léinn

CÉARD IS FIONTRAÍOCHT SHÓISIALTA ANN?

Baineann fiontraíocht shóisialta leis an gcaoi gnó daonchairdiúil a thosú, a chothú agus a reáchtáil.

CÉ HIAD NA FIONTRAITHE SÓISIALTA?

Is daoine iad fiontraithe sóisialta a bhfuil réitigh nuálaíocha acu do na fadhbanna is práinní sa tsochaí.



SET2CLIL

An Dara Cruinniú Trasnáisiúnta

Reáchtáladh an Dara Cruinniú Trasnáisiúnta Tionscadail SET2CLIL i Tg. Mures, An Rómáin i 23-24 Meitheamh 2014. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an Chruinnithe: Curaclam Stór Leictreonach ábhar oiliúna, Fiontraíocht Shóisialta, Treoir d'Oiliúnoirí.

Bhuail na comhpháirtit le grúpa múinteoirí a bfuil ag múineadh i ranganna dhátheangacha agus le daoine óga ar spéis le tuilleadh a fhoghlaim faoin bhFiontraíocht Shóisialta.

Cén fáth a múiní Béarla agus Fiontraíocht

Bhí na mic léinn éiginnte faoin gciall atá ag Fiontraíocht Shóisialta ach thuig siad coincheap na hEagraíochta Neamhrialtasáí. Bhí roinnt acu tar éis gabháil le cumainn cosúil le Bean na Tríú Mílaoise, agus bhí roinnt eile acu tar éis a gcuid seirbhísí a thairiscint don tSeirbhís Dheonach Éigeandála. Léirigh siad spéis a bheith páirteach i bhfiontraíocht shóisialta.

Nuair a cuireadh ceistanna orthu faoi na scileanna atá de dhíth chun a leithéid de Churaclam a fhorbairt, thagair siad do **chumarsáid**, **obair foirne**, **comhbhá**, **ceannaireacht**, **bainistíocht ama**. Cabróidh CLIL le scileanna teanga a fhorbairt. Ní áirítear mar chonstaic an Béarla maidir leis an ábhar a thuiscint mar go bhfuil leibhéal Béarla réasúnta acu cheana féin (tá siad ag déanamh staidéir air ó bhí siad óg).

Mheas siad gur cheart go mbeadh ard-leibhéal Béarla ag an oiliúnóir chun a bheith ina (h)eisleamáir ó thaobh na teanga agus na fiontraíochta sóisialta de.

Bhí siad ar aon ghuth gur cheart go mbeadh cainteoir dúchais ann.



Nuacht

Bhain ár gcomhpháirtí ón Spáinn leas as a bheith sa Rómáin, agus bhain siad tairbhe as na hiontais chultúrtha agus gheografacha: Binn Moldoveanu 2544 m agus Oighearshruth Scarisoar.



Tá tacaíocht faighte ag an tionscadal seo ó Choimisiún na hEorpa. Tuairimí na n-údar amháin a thugtar ar an suíomh gréasáin seo agus ní bheidh an Coimisiún freagrach as úsáid ar bith a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá ann.